



Nóta Teicniúil

Tarchuireann oibreoir an líonra cárta tástála 2rn chun measúnú ar na socruithe taispeána agus fuaimne atá ag glacadóir teilifíse a éascú.

Le linn pátrún tarchurtha 2rn a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar ghlacadóir, tá sé tábhachtach a chinntiú:

- i) Gur suiteáladh, agus gur coigeartaíodh, an glacadóir teilifíse de réir threoracha mhonaróir an ghlacadóra, agus
- ii) Go bhfuil na dálaí féachana ag brath ar an tsuiteáil glactha iomlán agus ní ar an nglacadóir amháin. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, nach mór an cineál aeróige, an polarú agus an treo a bheith comhoiriúnach leis an gcomhartha Saorview atá ar fáil go háitiúil.

Ginearálta

Cóimheas treoíochta: Is é atá i gcóimheas treoíochta an phátrúin tástála ná 16:9, soláthraítear imeall caisealach ar mhaithe le seiceálacha ar ailíniú agus ar lárú, is ceart an t-imeall caisealach a bheith infheicthe ar thaispeáint an ghlacadóra ar ghlacadóir atá coigeartaithe i gceart.

Tras-haitseáil agus Ciorcal: Soláthraítear tras-haitseáil chearnógach agus ciorcal chun seiceáil ar líneacht agus ar gheoiméadracht na taispeána a chumasú, tá súil an duine an-íogair maidir le hearráidí i ngeoiméadracht an chiorcail.

An Ciorcal

Freagairt ísealmhnicíochta: Baintear úsáid as an dronuilleog dhubh a bhfuil dath bán thart uirthi, ag barr an chiorcail, chun freagairt ísealmhnicíochta an ghlacadóra a sheiceáil. Léireofar freagairt lag ísilmhnicíochta trí stríocaí sa réimse bán ar thaobh na láimhe deise den dronuilleog.

Bíog shnáthaide: Soláthraítear bíog shnáthaide trasdula 225ns chun seiceáil a dhéanamh ar mhoilleanna maidir le físpróiseáil. Léiríonn íomhánna ar thaobh na láimhe deise den bhíog go bhfuil earráidí ann.

Tonn chearnach 250 kHz: Tá an tonn chearnach 250 kHz socraithe ag aimplitiúid lonrais 75% agus soláthraíonn sí tagairt dhubh agus bhán do bharr dathanna an phátrúin tástála, tá an leibhéal lonrais sin socraithe ag an leibhéal aimplitiúide céanna leis na codanna den bharr dathanna ar a bhfuil dath Dearg, dath Glas agus dath Gorm, is féidir an tonn chearnach a úsáid chun freagairt dhíomuan an ghlacadóra a sheiceáil freisin.

Na Barraí Dathanna: Baintear úsáid as barraí dathanna Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) laistigh den chiorcal, is é atá iontu ná barraí ingearacha ar a bhfuil dath buí, dath cian, dath glas, dath maigeanta, dath dearg agus dath gorm agus iad socraithe ag sáithiú 100% agus ag aimplitiúid 75%. Is ceart sáithiú crómanais an ghlacadóra a choigeartú ó nialas (dubh & bán) go dtí pointe inar éigean atá sceitheadh an datha ón mbarra dearg go dtí an barra gorm infheicthe, is ceart an sáithiú cróma a chúlú beagáinín ón bpointe sin.

Lár-Líne Cothrománach: Cuimsíonn an tástáil seo dhá líne, ceann amháin i ngach réimse ar leith, déanfar earráidí sa scan-chrosfhí a aibhsiú le difríocht sa leithead nó le líne-phéire a bheidh ann laistigh de réimse na lár-líne. Tá cros bhán ann, ar chúlra dubh, go díreach i lár an phátrúin tástála.

PLUGE: Tá an dronuilleog dhubh íochtair den chros láir socraithe ag 5% faoi bhun leibhéal dubh (comhartha PLUGE*) agus tá sí ann le gur féidir socrú beacht a dhéanamh maidir le leibhéal gile an ghlacadóra, agus, i gcás ina bhfuil an glacadóir coigeartaithe i gceart, is ceart gur ar éigean atá trasdul an leibhéil dhuibh idir an barra dubh láir agus an dronuilleog íochtair infheicthe.


PLUGE Trealamh Giniúna Comhshocraíochta Pictiúir. Is é atá i “pátrún pluge” ná pátrún tástála a úsáidtear chun an leibhéal dubh ar fhístaispeáint a chalabrú. Go bunúsach, baineann leibhéal dubh le gile na gcodanna is dorcha sa phictiúr.*

Línte gléine: Tá na línte gléine síneasóideach agus tá siad roinnte ina gcúig bhloc éagsúla arb ionann iad agus cúig fhísmhínicíocht éagsúla: 0.8 MHz, 1.8 MHz, 2.8 MHz, 3.8 MHz agus 4.8 MHz faoi seach, agus, i gcás ina bhfuil leibhéal géire an ghlacadóra coigeartaithe i gceart, is ceart go mbeadh an bloc 4.8 MHz infheicthe go soiléir.

Liathscála: Cuimsíonn an liathscála 6 céim ó dhubh go bán, agus is ionann gach céim agus méadú 20% ar an leibhéal lonrais: 0%, 20%, 40%, 60%, 80% agus 100%

Eilimint Ghluaisteach: Áiríonn an cárta tástála eilimint ghluaisteach laistigh den dronuilleog dhubh íochtair agus tá an eilimint sin ann chun dhá fheidhm a chomhlíonadh.


- i) Léiríonn an barra gluaiesteach go bhfuil an tarchur beo (gan bheith reoite), is ceart gluaiseacht an bharr a bheith líneach agus í gan aon chur isteach, agus ba chomhartha ar cháilíocht lag ó thaobh ghlacadh an chomhartha de, aon ghluaiseacht thuislithe i leith shíneadh an bharr.
- ii) Beidh sé soiléir go bhfuil aon mhoill nó aon difríocht ann, maidir le comharthaí Fuaime agus Físe a thabhairt don lucht féachana (an tástáil ar bheolbheachtú), mar gheall ar dul chun cinn an bharr gluaiestigh agus é ag gluaiseacht os comhair na dtrí mharcóir sheasta atá suite laistigh den dronuilleog dhubh. De ghnáth, craoltar comhartha tonnach 1 kHz in éineacht leis an bpátrún tástála (ar an ardán Saorview, craoltar an ton 1 kHz sin mar rian teanga ailtéarnach, agus é inroghnaithe trí chnaipe teanga chianrialtán an ghlacadóra atá ceadaithe ag Saorview). Tabharfar briseadh nó cliceáil faoi deara sa ton 1 kHz sin de réir mar a théann an barra gluaiesteach thar na poncanna marcála, is é atá sa phointe ama ceart don chliceáil sin ná nuair atá an eilimint ghluaisteach ailínithe go díreach le ponc láir na dtrí phonc marcála.



Léiríonn an ponc marcála ar an taobh clé aon fhráma teilifíse amháin nó 40ms d'fhuaim luathaithe (fuaime ag teacht roimh an bhfís-ábhar), léiríonn an marcóir ar an taobh deas 2 fhráma teilifíse nó 80ms de mhoill (fuaime ag teacht tar éis an fhís-ábhair), agus, i dtaca leis an lucht féachana de, is mó an t-ábhar míshástachta nó inbhraiteachta an cúinse is déanaí atá luaite.

Moill idir crómanas agus lonras: Léirítear moill idir crómanas agus lonras tríd an dronuilleog dhearg ar chúlra buí ag bun an chiorcail. Déanfar aon earráid, ó thaobh tráthú, idir an dá chomhartha seo a thaispeáint trí athrú ar shuíomh na dronuilleoige deirge. Má tá an glacadóir ag oibriú i gceart, is ceart imill na dronuilleoige deirge a bheith ailínithe go díreach le línte ingearacha na greille cros-haitseála cúlra thíos fúithi.

Comharthaí lasmuigh den chiorcal: Painéil líne-ailtéarnaithe R-Y agus B-Y chun earráidí sa mhairtísiú cróma, agus iad suite ar gach taobh den chiorcal láir, painéil línte gléine ingearacha ag rith ó 100 go 400 Líne Teilifíse (TVL), bloic línte gléine trasnánacha 200 go 300 TVL, ar an taobh clé agus ar an taobh deas den rastar, tá marcóirí tomhais i leith róscanadh ann freisin chun méid mhí-ailíniú an rastair a léiriú.



Tuairisc ar Chárta Tástála 2rn